



European Asylum Support Office

Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2017

Achoimre Fheidhmeach



SUPPORT IS OUR MISSION

Achoimre Fheidhmeach

Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2017 ó EASO, tugtar forbheathnú cuimsitheach ar fhorbairt ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na gcóras náisiúnta tearmainn. Tá an Tuarascáil bunaithe ar raon leathan foinsí, iniúchtar inti na príomhthreochtaí staitistiúla agus déantar anailís inti ar athruithe i dtíortha AE+ maidir leis an reachtaíocht, na beartais, na cleachtais agus an cásdlí náisiúnta atá i bhfeidhm acu. Cé go ndírítear sa tuarascáil ar phríomhréimsí den Chomhchóras Eorpach Tearmainn, déantar roinnt mhaith tagairtí riachtanacha inti don mhór-chomhthéacs imirce agus ceart bunúsach freisin.

Forbairtí ar leibhéal an Aontais

Tuairiscíodh forbairtí suntasacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta san Aontas Eorpach sa bhliain 2017.

Cé gur tugadh trasúí phacáiste an acquis athmhúnlaithé maidir le tearmann chun críche, a bheag nó a mhór, bhí idirbheartaíocht ar siúl fós ar an bpacáiste nua chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Bhí an pacáiste comhdhéanta de thograí le haghaidh sainordú EASO a neartú trí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a dhéanamh de; córas Bhaile Átha Cliath a athchóiriú; leasuithe ar chóras Eurodac; tograí le haghaidh Rialachán nua maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus Rialachán nua maidir le Cáilíochtaí; agus an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha a leasú.

I gcomhréir leis an bhfreagracht atá air a áirithiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm go cuí, rinne an Coimisiún Eorpach bearta faoi chuimsiú nósanna imeachta sáraithe lenar bhain an Ungáir, Poblacht na Seice agus an Pholainn, agus an Chróit.

D'éisigh **Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh** roinnt breithiúnas le linn na bliana. Bhain seacht gcinn díobh le cur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath, rud a léirigh an tionchar a bhí ag an mórphlódú isteach iarrthóirí tearmainn sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 agus an tionchar a bhí ag gluaiseachtaí tánaisteacha. Rud sonrach, rinne an Chúirt Bhreithiúnais anailís ar shaincheisteanna a bhaineann lena dhlíthiúla atá trasnuithe teorann ag líon ard daoine; cearta na n-iarrthóirí tearmainn i dtaca le Rialachán Bhaile Átha III agus na teorainneacha ama is infheidhme; aistriú uathoibríoch freagrachta i gcás nach ndearnadh an t-aistriú; aistriú iarrthóirí tearmainn atá an-tinn; coinneáil i gcomhthéacs Rialachán Bhaile Átha Cliath III; agus infheidhmeacht Rialachán Bhaile Átha Cliath III maidir le daoine a ndéonaítear cosaint choimhdeach dóibh i mBallstát na céadiontrála. Áiríodh le saincheisteanna eile ar bhreithnigh an Chúirt iad an ceanglas chun éisteacht a thionól sna himeachtaí achomhairc; an ceart chun éisteacht a fháil; eisiámh ó stádas dídeanaí; agus úsáid tástálacha homaighnéasachais i nósanna imeachta tearmainn. I réimse an ghilactha,

dheimhnigh an Chúirt na forais le coinneáil iarratasóirí ar thearmann. Dhiúltaigh an Chúirt freisin do na caingne ar thionscain an tSlóvaic agus an Ungáir iad in aghaidh an tsásra athlonnaithe.

Leanadh sa bhliain 2017 leis an **gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce a chur chun feidhme**. Rinneadh achoimre air sa Teachtaireacht a d'éisigh an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2017 maidir le Soláthar an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce. Rinneadh tagairt do chur chuige na dteophointí, rud ar leagadh béim air mar chuid dhílis den fhreagairt do dhúshláin imirce sa Mheánmhuir. Thug EASO tacaíocht don Iodáil agus don Ghréig faoi chuimsiú an chuir chuige sin.

San Iodáil, d'úsáid EASO saineolaithe náisiúnta, a gheobhadh tacaíocht ó bhail foirne eatramhacha agus ó idirghabhálaithe cultúrtha agus a sholáthródh faisnéis d'imircigh atá ag teacht isteach, a chabhródh le dlús a chur le clárú foirmiúil na n-iarrataí ar chosaint idirnáisiúnta ar fud na tíre, a thacódh leis an gCoimisiún Náisiúnta Tearmainn agus leis na Coimisiúin Chríche ina gcuid gníomhaíochtaí, agus a chabhródh le cur chun feidhme a dhéanamh ar an reachtaíocht a ritheadh le déanaí maidir leis an gcosaint do leanaí imirceacha a neartú. Sa Ghréig, tá cur chuige na dteophointí ceangailte le cur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. De réir an Ráitis, chomhaontaigh Cinn Stáit nó Rialtais san Aontas agus an Tuirc go rachfaí i ngleic leis an imirce mhírialtá, tar éis an mhórphlódaithe isteach imirceach san Aontas. Maidir leis an tiomantas atá ag Ballstáit an Aontais don Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, athdhearbhaíodh é i nDearbhú Mhálta ar ghlac comhaltaí na Comhairle Eorpaí é maidir leis na gnéithe seachtracha den imirce.

Ba le gníomhaíochtaí **athlonnaithe** a bhain príomhshásra éigeandála a seoladh faoin gClár Oibre. Ba é an aidhm a bhí leis freagairt don líon ard imirceach a bhí ag teacht isteach san Aontas, rud a chuir brú ar leith ar na Ballstáit túslíne.

Bunaíodh an t-athlonnú mar shásra sealadach eisceachtúil a raibh sé i gceist leis aistriú a dhéanamh ar suas go dtí 160 000 iarratasóir a raibh gá soiléir acu le cosaint idirnáisiúnta ón nGréig agus ón Iodáil thar thréimhse dhá bhliain go dtí mí Mheán Fómhair 2017. Chuaigh na cinní ón gComhairle maidir leis an athlonnú as feidhm an 26 Meán Fómhair 2017. Maidir leis an nGréig, athlonnaíodh gach iarratasóir incháilithe eile ón tír faoi mhí an Mhárta 2018. Ní raibh ach 35 dhuine ann a bhí le hathlonnú ón Iodáil fós amhail an 22 Bealtaine 2018. Faoi dheireadh na bliana 2017, athlonnaíodh 33 151 duine. Díobh sin, athlonnaíodh 11 445 dhuine ón Iodáil agus athlonnaíodh 21 706 dhuine ón nGréig. Faoi dheireadh mhí an Mhárta, b'ionann agus 34 558 nduine (12 559 nduine ón Iodáil agus 21 999 nduine ón nGréig) an líon iomlán daoine a athlonnaíodh. Thug EASO mórthacaíocht oibríochtúil don phróiseas athlonnaithe sa Ghréig agus san Iodáil ó thús an phróisis i leith agus tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíochtaí EASO le linn na tréimhse cur chun feidhme.

Lean an tAontas Eorpach lena chomhar le comhpháirtithe seachtracha ar fud na bliana 2017. Áiríodh leis an gCreat Comhpháirtíochta maidir leis an Imirce a

tugadh isteach i mí an Mheithimh 2016 tionscnaimh a rinneadh i roinnt tíortha tosaíochta tionscnaimh agus idirthurais agus i gcomhar leo sin. I measc na dtíortha sin bhí Mailí, an Nigéir, an Nígir, an tSeineagáil agus an Aetóip. Bhí na haidhmeanna seo a leanas leis na gníomhaíochtaí: an t-idirphlé polaitiúil a bhreisiú; an gháinneáil agus an smuigléireacht a chomhrac; cosaint a neartú agus scéim athshocraithe nua a fhorbairt do dhéanaithe as an Tuirc, as an Meánoirthear agus as an Afraic faoi dheireadh na bliana 2019; bainistíocht fillte a fheabhsú; agus cláir fostaíochta a sheoladh faoi Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpach don Afraic agus faoin bPlean Eorpach Infheistíochta Seachtraí. Leis na cláir sin, tacaítear le hinfheistíochtaí i dtíortha comhpháirtíochta san Afraic agus i gComharsanacht na hEorpa.

Cosaint Idirnáisiúnta i dtíortha AE+

Maidir le treochtaí staitistiúla, rinneadh 728 470 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ sa bhliain 2017.

Cé gurbh ionann é sin agus laghdú 44% ar an bhfigiúr don bhliain 2016, b'airde fós é sin ná an figiúr a bhí ann roimh thús ghéarchéim na ndéanaithe sa bhliain 2015. Cé go raibh brú trom imirce ann ar theorainneacha seachtracha an Aontais go fóill, tháinig laghdú air don dara bliain i ndiaidh a chéile, go háirithe i mbealaí na Meánmhara thoir agus láir. Bhí méadú gan fasach ann ar bhealach na Meánmhara thiar, áfach.

Ba iad an tSiria (ón mbliain 2013 i leith), an Iaráic agus an Afganastáin na trí phríomhthír thionscnaimh d'iarratasóirí i dtíortha AE+. Ba í an tSiria an trí thionscnaimh do thart ar 15% de na hiarratasóirí ar fad. Bhí an Iaráic sa dara háit agus bhí an Afganastáin sa tríú háit, agus iad araon freagrach as 7% de na hiarratasóirí ar fad i dtíortha AE+. Tar éis na dtrí thír sin bhí an Nigéir, an Phacastáin, an Eiritré, an Albáin, an Bhanglaidéis, an Ghuine agus an Iaráin.

I dtíortha comharsanacha na Siria, mar atá an Iaráic, an Iordáin, an Liobáin, an Tuirc, an Éigipt agus tíortha eile san Afraic Thuaidh, b'ionann agus thart ar 5.5 milliún duine an líon déanaithe Siriacha cláraithe a bhí ann faoi dheireadh na bliana 2017, dar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Déanaithe.

Cosúil leis an mbliain 2016, b'amhlaidh sa bhliain 2017 go raibh níos mó ná dhá dtrian de na hiarratasóirí go léir ina bhfir nó ina mbuachaillí agus go raibh trian amháin díobh ina mná nó ina gcaillíní. Bhí leath na n-iarratasóirí idir 18 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois. Bhí geall le trian amháin díobh ina mionaoisigh.

Sa bhliain 2017, tarraingíodh thart ar 99 205 iarratas san iomlán siar i dtíortha AE+. Ba laghdú suntasach 41% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2016, inar tarraingíodh 168 195 iarratas siar. B'ionann agus 14%, céatadán a bhí cosúil le blianta roimhe sin, an cóimheas idir an líon iarratas a tarraingíodh siar agus an líon iomlán iarratas a cuireadh isteach i dtíortha AE+. De réir shonraí EASO, ba go hintuigthe a tarraingíodh an chuid is mó d'iarratais siar, rud a chiallaíonn gur éirigh iarratasóirí as an nós imeachta tearmainn gan an méid sin a chur in iúl go

sainráite do na húdaráis lena mbaineann.

Maidir leis na cásanna a bhí ar feitheamh, tharla sé, den chéad uair le roinnt blianta anuas, gurbh ísle an líon cásanna a bhí ar feitheamh ag deireadh na bliana 2017 ná ag deireadh na bliana roimhe. Ina theannta sin, bhí thart ar 954 100 iarratas ar fheitheamh cinnidh dheiridh i dtíortha AE+, rud a bhí 16% níos ísle ná an figiúr ag deireadh na bliana 2016. Cé nach raibh ach leath na gcásanna uile ar fheitheamh cinnidh ag an gcéad chéim ag deireadh na bliana 2017, bhí méadú ann sa líon cásanna a bhí ar fheitheamh cinnidh ag an dara céim nó ina diaidh. B'fheiriméan nua é sin. Ó dheireadh na bliana 2016 i leith, tá méadú faoi dhó, beagnach, tagtha ar an líon cásanna a bhí ar fheitheamh cinnidh ag an dara céim nó ina diaidh. Tugann an méid sin le fios gur aistríodh an t-ualach oibre i gcórais náisiúnta ón gcéad chéim chuig céim an achomhairc agus an athbheithnithe.

Ba le hAfganastánaigh, le Siriaigh agus le hIarácaigh a bhain an líon is airde iarratas a bhí ar fheitheamh cinnidh. Ag deireadh na bliana 2017, ba sa Ghearmáin fós a bhí formhór na gcásanna ar feitheamh (443 640 cás). Laghdaigh an líon cásanna faoi níos mó ná ceathrú amháin i gcomparáid leis an mbliain 2016, áfach. Bhí an Iodáil fós sa dara háit i measc tíortha AE+ i dtaca leis an líon cásanna ar feitheamh. Bhí méaduithe suntasacha ann sa Spáinn agus sa Ghréig freisin.

Ba as tosca éagsúla i dteannta a chéile a d'éascair an laghdú sa riaráiste a bhí ann sa chuid is mó de stáit AE+. Ina measc sin rinneadh líon níos ísle iarratas agus eisíodh líon níos airde cinnítí. Bhí tionchar freisin ag bearta sonracha eagrúcháin agus beartais a cuireadh chun feidhme i stáit AE+ chun dul i ngleic le mór-riaráistí próiseála.

Maidir leis na cinnítí a eisíodh, d'éisigh tíortha AE+ **996 685 chinneadh ag an gcéad chéim** sa bhliain 2017. Ba laghdú 13% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2016. Tá an laghdú ó bhliain go bliain ina léiriú soiléir ar an líon níos ísle iarratas a cuireadh isteach: Bhí an bhliain 2016 ina bliain churiarrachta maidir leis an líon iarratas a rinneadh ar chosaint idirnáisiúnta, agus ghéaraigh tíortha AE+ ar an obair a bhí ar bun acu chun an riaráiste méadaitheach a ghlanadh lena linn.

Cé gur cinnítí dearfacha a bhí i ngeall le leath na gcinnítí céadchéime uile a eisíodh sa bhliain 2017 (462 355 cinn), bhí an ráta glactha foriomlán ina leith sin i dtíortha AE+ 14 phointe chéatadánacha níos ísle ná an figiúr don bhliain 2016. Beag beann ar an laghdú sa líon foriomlán cinnítí a eisíodh, b'amhlaidh gur tháinig méadú ar an líon cinnítí diúltacha a rinneadh: ó 449 910 gcinn sa bhliain 2016 go 534 330 ceann sa bhliain 2017. Maidir le cinnítí dearfacha, bhí laghdú soiléir ann sa bhliain 2017 i sciar na gcinnítí lenar deonaíodh stádas dídeanaí (ó 55% sa bhliain 2016 go 50%) nó cosaint choimhdeach (ó 37% go 34%). Bhí méadú comhfreagrach ann (ó 8% go 15%) i sciar na gcinnítí lenar deonaíodh cosaint dhaonnúil.

Maidir leis an **laghdú go 46% sa ráta glactha i measc tíortha AE+** (14 pointe cheatadánacha níos ísle ná a bhí sé sa bhliain 2016), tháinig sé sin chun cinn go páirteach ar a laghad mar gur eisíodh líon níos lú cinntí chuig iarratasóirí a bhfuil rátaí glactha measartha ard acu agus mar gur eisíodh níos mó cinntí chuig iarratasóirí a bhfuil rátaí glactha measartha íseal acu. Cé gur eisíodh líon níos ísle cinntí chuig iarratasóirí ón tSiria agus ón Eiritré le linn na bliana, tháinig méadú suntasach ar an líon cinntí a eisíodh chuig iarratasóirí ón Afganastáin, ón Iaráin agus ón Nigéir i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Rud tábhachtach, is amhlaidh, tríd is tríd, go mbíonn éagsúlacht ann ar fud tíortha AE+ sna luachanna measartha íseal agus na luachanna measartha ard de na rátaí glactha. Is fíor é sin go háirithe i gcás iarratasóirí ón Afganastáin, ón Iaráin agus ón Iaráic, mar a raibh an ráta glactha sa raon idir 0% agus 100%. I gcás tíortha eile, bhí na luachanna measartha ard (e.g. an Eiritré agus an tSiria) agus na luachanna measartha íseal (e.g. an Albáin agus an Nigéir) de na rátaí glactha níos cóngaraí dá chéile, a bheag nó a mhór.

I gcás saoránachtaí aonair, is féidir go dtugtar le fios go pointe éigin san éagsúlacht sna rátaí glactha i measc tíortha AE+ go bhfuil easpa comhchuibhithe ann ó thaobh cleachtas chinnteoireachta de (mar thoradh ar dhifriochtaí sa mheasúnú a dhéantar ar na dálaí i dtír thionscnaimh nó difríochtaí sa léiriú ar choincheapa dlíthiúla nó mar thoradh ar an dlí-eolaíocht náisiúnta). Is féidir go dtugtar le fios inti freisin, áfach, gurb amhlaidh, fiú i measc iarratasóirí ón aon tír thionscnaimh amháin, go mbíonn roinnt de tíortha AE+ ag glacadh daoine aonair a bhfuil forais chosanta an-difriúil acu, lena n-áirítear, mar shampla, mionlaigh eitneacha ar leith, daoine ó réigiúin áirithe laistigh de thír, nó iarratasóirí ar leanaí gan tionlacan iad.

Maidir leis na cinntí a eisíodh tar éis achomhairc nó tar éis athbhreithnithe, d'éisigh tíortha AE+ **273 960 cinneadh ag an dara céim nó ina diaidh** sa bhliain 2017. Ba mhéadú 20% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2016, rud a threisíonn an treocht aníos atá le feiceáil sa líon cinntí ón mbliain 2015 i leith. Ba sa Ghearmáin (58% den líon iomlán cinntí a eisíodh i dtíortha AE+), sa Fhrainc (12%) agus sa tSualainn (7%) a eisíodh trí cheathrú de na cinntí a eisíodh ag an dara céim nó ina diaidh. Rud ba shonraí fós, fuair Siriaigh líon cinntí a bhí ceithre huairé níos mó (38 675 chinneadh), fuair Afganastánaigh líon cinntí a bhí trí huairé níos mó (34 505 chinneadh) agus fuair Iarácaigh líon cinntí a bhí geall le trí huairé níos mó (19 935 chinneadh). I gcodarsnacht leis sin, ba iad iarratasóirí ó thrí thír sna Balcáin Thiar (an Albáin, an Chosaiv agus an tSeirbia) a fuair trian amháin de na cinntí go léir a eisíodh tar éis achomhairc sa bhliain 2016. Ba lú go mór na rátaí glactha a bhí acu.

Maidir le feidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017, is féidir roinnt forbairtí a thuairisciú ar bhonn shonraí EASO, inar tugadh le fios go raibh méadú ann sa líon cinntí a rinneadh ar iarrataí faoi chóras Bhaile Átha Cliath. In aghaidh gach cinnidh a fuarthas ar iarraidh faoi chóras Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017, cuireadh geall le cúig iarratas isteach sa bhaicle tíortha a bhí ag tuairisciú

ar an táscaire sin faoi chóras Bhaile Átha Cliath. Is féidir go dtugann an méid sin le fios go saothraíonn líon suntasach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta gluaiseachtaí tánaisteacha i dtíortha AE+. Sa bhliain 2017, ba i ngrúpa beag tíortha a rinneadh formhór na gcinntí. Ba iad an Iodáil agus an Ghearmáin na tíortha comhpháirtíochta le haghaidh geall le leath na bhfreagraí go léir. Bhí an Bhulgáir, an tSualainn, an Fhrainc agus an Ungáir na chéad tíortha eile, cé go raibh siad i bhfad taobh thiar den dá thír sin. B'íonann agus 75% an ráta glactha foriomlán do chinntí ar iarrataí faoi chóras Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2017. Mar sin féin, bhí éagsúlacht shuntasach ann sa ráta glactha idir na tíortha a bhí ag freagairt.

Ba le saoránaigh de chuid na hAfganastáine (11% den iomlán), de chuid na Siria (8%), de chuid na hIaráice (8%) agus de chuid na Nigéire (6%) a bhain an chuid is mó de na cinntí ar thángthas orthu ar iarrataí faoi chóras Bhaile Átha Cliath. Tugadh le fios i sonraí EASO freisin gur mar fhreagra ar iarrataí 'athligin isteach' a rinneadh thart ar dhá dtrian de na cinntí sin. Fágann sé sin go mbaineann formhór na gcinntí le cásanna inarb amhlaidh go gcuireann duine iarratas isteach i dtír AE+ amháin agus go mbogann sé chuig tír eile ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2017, rinneadh Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, atá ar cheann de na clásail lánroghnacha, a tharraingt anuas geall le 12 000 uair (ba iad an Ghearmáin agus an Iodáil a chuir breis agus leath na gcásanna sin i bhfeidhm). Sa bhliain 2017, chuir na 26 thír tuairiscithe pas beag níos mó ná 25 000 aistriú chun feidhme. Ba mhéadú trian amháin é sin ón mbliain 2016. Ba as cúig cinn de thíortha AE+ a tháinig trí cheathrú de na haistrithe go léir sa bhliain 2017, ba iad sin: an Ghearmáin, an Ghréig, an Ostair, an Fhrainc agus an Ísiltír. Ghlac an Ghearmáin agus an Iodáil breis agus leath na ndaoine a aistríodh.

Tríd is tríd, ba ag teacht leis an líon cásanna ar ghá iad a phróiseáil a bhí na príomhfhorbairtí i dtíortha AE+ i dtaca le nós imeachta Bhaile Átha Cliath. Mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2016, tugadh faoi deara sa bhliain 2017 gur cuireadh aistrithe faoi chóras Bhaile Átha Cliath chuig an Ungáir agus chuig an mBulgáir ar fionraí (go hiomlán nó go páirteach). An 8 Nollaig 2016, mhol an Coimisiún Eorpach bearta le haghaidh chóras tearmainn na Gréige a neartú agus le haghaidh aistrithe chuig an nGréig a atosú de réir a chéile i gcás catagóirí áirithe iarratasóirí ar thearmann. Ag teacht sna sála air sin, sheol roinnt de na Ballstáit a bhí páirteach i gcóras Bhaile Átha Cliath iarrataí ar aistriú chuig an nGréig sa bhliain 2017.

Leasaigh roinnt de thíortha AE+ an reachtaíocht atá i bhfeidhm acu maidir le cosaint idirnáisiúnta. Áiríodh leo sin athruithe suntasacha san Ostair, sa Bheilg, san Ungáir agus san Iodáil. Anuas air sin, leasaigh tíortha eile a reachtaíocht i réimsí éagsúla, amhail athruithe ar an liosta náisiúnta de thíortha tionscnaimh sábháilte.

Rinne an-chuid de thíortha AE+ athruithe eile maidir le hathstruchtúráil inmheánach agus le haistriú inniúlachtaí i measc eintitis éagsúla i riarachán náisiúnta tearmainn. Áiríodh leo sin sain-tascfhórsaí a chruthú chun dul i ngleic

le fadhbanna téamacha. Ina theannta sin, bhí na hiarrachtaí suntasacha a bhí ar bun ag tíortha AE+ dírithe ar iomláine a gcóras náisiúnta a áirithiú trí éilimh gan bhunús ar chosaint idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac agus trí ábhair inní slándála a bhraith. Éascaíodh an obair sin trí ardchórais sainaitheanta agus chlárúcháin a bhfuil teicneolaíocht nua-aimseartha mar thaca leo a chur chun feidhme agus trí nósanna imeachta a chur chun feidhme maidir le measúnacht aoise, ar réimse é inar tugadh lear forbairtí faoi deara sa bhliain 2017.

Thug tíortha AE+ faoi thionscnaimh éagsúla sa bhliain 2017 chun feabhas a chur ar a éifeachtúlá atá an próiseas tearmainn, i.e. nósanna imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a sheoladh agus, ag an am céanna, an t-am agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is fearr is féidir, deonú na cosanta a bhrostú do chásanna a bhfuil údar leo, agus nósanna imeachta fada a sheachaint do chásanna nach bhfuil aon fhiúntas leo. Díríodh go príomha ar leas a bhaint as an digitiú agus ar theicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach (córais faisnéise, bunachair shonraí, físchomhdháil le haghaidh agallamh agus ateangaireachta) agus d'éascaigh an obair sin an malartú faisnéise idir gníomhaithe éagsúla. Rinneadh bearta freisin chun córais tearmainn a eagrú ar bhealach níos fearr trí shainionaid phróiseála a bhunú, mar a tharla sa Ghearmáin, agus trí úsáid a bhaint as tomhais chun cásanna a dháileadh, agus catagóirí cásanna áirithe a seoladh trí chainéil thiomnaithe. Baineadh úsáid as nósanna imeachta tosaíochta agus as nósanna imeachta meara freisin.

De bhreis air sin, chun cáilíocht a chothabháil agus a fheabhsú, rinne tíortha AE+ sásraí dearbhaithe cáilíochta a chur chun feidhme, ábhair threorach a forbairt, agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní a thairiscint do bhaill foirne, go háirithe maidir le réimsí casta an tearmainn amhail saincheisteanna a bhaineann le leochaileacht. Cuireadh na bearta sin ar aghaidh leis an oiliúint shaibhir chuimsitheach a thairg EASO. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, leag an tsochaí shibhialta agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe béim ar an ngá atá ann le leanúint le feabhas ar cháilíocht sa chleachtas laethúil a shaothrú ar bhealach sistéamach comhsheasmhach.

Tháinig an Scéim Eorpach Athshocraithe chun deiridh an 8 Nollaig 2017. Seoladh sa Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 20 Iúil 2015 í. Faoi dheireadh na scéime, rinneadh 19 432 dhuine a raibh cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a athshocrú faoin scéim chuig 25 cinn de Bhallstáit agus de Stáit Chomhlachaithe. B'ionann an líon sin agus 86% den 22 504 athshocrú ar gheall agus ar chomhaontaigh na páirtithe iad ar dtús.

D'éisigh an Coimisiún Moladh an 27 Meán Fómhair 2017 maidir le bealaí dlíthiúla a fheabhsú do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Dá réir sin, tugadh scéim nua isteach a bhfuil mar aidhm léi 50 000 duine ar a laghad a athshocrú faoin 31 Deireadh Fómhair 2019. Faoin 26 Bealtaine 2018, thug 19 mBallstát gealltanais go nglacfaid siad breis agus 50 000 duine san iomlán. Fágann sé sin go bhfuil an scéim ar an gcomhar comhchoiteann is mó

ar an athshocrú go dtí seo. Athshocraíodh geall le 2 000 duine faoin scéim nua seo cheana féin.

Idir an dá linn, leanadh le cur chun feidhme a dhéanamh ar an scéim athshocraithe faoin sásra 1:1 a tugadh isteach leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Athshocraíodh 12 476 dhuine chuig 16 Bhallstát ón uair a tháinig an scéim i bhfeidhm an 4 Aibreán 2016 i leith.

Faoi na scéimeanna comhpháirteacha athshocraithe sin de chuid an Aontais, athshocraíodh agus athshocrófar daoine as an Tuirc, as an Iordáin agus as an Liobáin go príomha. Díreofar go sonrach sa scéim nua a tugadh isteach an 27 Meán Fómhair 2017 ar dhaoine as tíortha Afracacha feadh Bhealach na Meánmhara Láir a athshocrú.

Ar fud na bliana 2017, thug tíortha AE+ roinnt mhaith forbairtí i gcláir náisiúnta **athshocraithe** faoi deara, rud a mhéadaigh a gcuid taithí agus acmhainní.

Ag an am céanna, lean EASO lena shainordú a chomhlíonadh trí chomhar praiticiúil a éascú i measc na mBallstát agus trí thacaíocht a thabhairt do thíortha a raibh a gcórais tearmainn agus ghlactha faoi bhrú, mar a bhí an Bhulgáir, an Chipir, an Iodáil agus an Ghréig. Chuir EASO feabhas freisin ar an idirphlé atá ar bun aige leis an tsochaí shibhialta. D'éagraigh sé cruinnithe téamacha inar pléadh príomhréimsí spéise (tacaíocht oibríochtúil do na teophointí, an t-athlonnú, soláthar faisnéise). Leathnaíodh Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta EASO, rud a sholáthair punann anailíseach atá bunaithe ar shonraí caighdeánaithe faoi staid an tearmainn i dtíortha AE+. Chomhroinn na Ballstáit atá i bpobal an Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta an phunann le hEASO ar bhonn seachtainiúil agus míosúil.

Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn

Tugadh forbairtí tábhachtacha faoi deara sna príomhréimsí téamacha den Chomhchóras Eorpach Tearmainn:

Maidir le rochtain ar nós imeachta, **ba iad an Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Ghréig agus an Ríocht Aontaithe na príomhthíortha glactha d'iaratasóirí ar thearmann** sa bhliain 2017. B'ionann na ceithre phríomhthír agus iad sin sa bhliain 2016. D'éirigh an Ríocht Aontaithe ar an gcúigiú príomhthír, áfach, agus áit na hOstaire á glacadh aici. I dteannta a chéile, bhí na cúig thír sin freagrach as trí cheathrú de na hiarratais ar fad a cuireadh isteach i dtíortha AE+.

Bhí an Ghearmáin ar an bpríomhthír glactha don séú bliain i ndiaidh a chéile. Cé go raibh laghdú 70% ann sa líon iarratas a cuireadh isteach sa tír sa bhliain 2017 i gcomparáid leis an mbliain 2016, fuair an tír 222 560 iarratas san iomlán. B'ionann an líon sin agus geall le dhá oiread an lín a fuair aon tír glactha eile. Ba í an Iodáil an dara príomhthír glactha. Cuireadh 128 850 iarratas chuici. Ba í an Fhrainc an tríú príomhthír glactha. Cuireadh breis agus 100 000 iarratas chuici. Ó thaobh an sciar tíre de, bhí an Ghearmáin freagrach ina haonar as 31% de na hiarratais ar fad a cuireadh isteach i dtíortha AE+ sa bhliain 2017. Sa bhliain

2016, áfach, b'ionann sciar na Gearmáine den iomlán agus 58%, ar figiúr é atá geall le dhá uair níos mó. Ag an am céanna, ba faoi dhó, beagnach, a mhéadaigh an céatadán d'iarratasóirí sna príomhthíortha glactha eile idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2017, go háirithe san Iodáil, an Fhrainc, an Ghréig, an Ríocht Aontaithe agus an tSualainn. Ba í an Ghréig an tír ag a raibh an cóimheas is airde iarratasóirí le háitritheoirí.

Cé gur lean roinnt de thíortha AE+ le rialú teorann a thabhairt isteach an athuair go sealadach (nuair ba ghá) ag teorainneacha inmheánacha limistéar Schengen sa bhliain 2017, thuairiscigh an tsochaí shibhialta nach raibh ach rochtain theoranta ann ar an gcríoch, lenar áiríodh brú siar a bheith ann i roinnt Ballstát, rud a leag béim ar an ngá atá ann le rochtain éifeachtach ar chosaint a áirithiú do na daoine sin a bhfuil sí de dhíth orthu. Bhain forbairtí tábhachtacha le próiseas mear éifeachtúil clárúcháin, rud a chabhraigh le héifeachtúlacht a mhéadú sna céimeanna deiridh den nós imeachta. Sampla amháin díobh ba ea clárú a dhéanamh sa Ghréig ar iarratasóirí a réamhchláraíodh roimhe sin i samhradh na bliana 2016, tráth a raibh mórphlódú isteach ann.

Tugadh **rochtain ar nós imeachta** freisin trí chainéil thiomnaithe, áit ar tugadh daoine a chomhlíonann critéir áirithe chuig críoch thíortha AE+ ar bhealach eagraithe, amhail na sásraí ligin isteach dhaonnúil a chuir roinnt tíortha chun feidhme. Áiríodh leo sin conairí daonnúla agus cláir víosaí daonnúla agus athaontaithe teaghlaigh, ar nithe iad lena dtugtar bealach dlíthiúil chun na hEorpa d'imircigh.

Chun go mbeidh siad in ann a riachtanais chosanta agus a gcúinsí pearsanta a chur in iúl go hiomlán agus chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cuimsitheach cothrom orthu, teastaíonn faisnéis faoina staid ó dhaoine atá ag iarraidh cosaint idirnáisiúnta. Chuir údarais riaracháin náisiúnta thíortha AE+ agus an tsochaí shibhialta raon leathan tionscnamh faisnéise chun feidhme sna céimeanna go léir den phróiseas tearmainn. Bhain siad leas as raon leathan modhanna cumarsáide le linn na hoibre sin, agus úsáid á baint acu as na meáin shóisialta agus aipeanna fóin chliste.

Leag an tsochaí shibhialta béim ar an ngá atá ann lena áirithiú go mbíonn faisnéis ar fáil agus go mbíonn sí in oiriúint do riachtanais a spriocghrúpaí, go háirithe maidir le daoine leochaileacha. Ar an ábhar sin, tháinig forbairtí éagsúla maidir le cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil chun cinn i dtíortha AE+ sa bhliain 2017. Leathnaigh roinnt tíortha raon feidhme an chúnamh dhlíthiúil nó rinne siad bearta ar mhaithe le feabhas a chur ar a éifeachtaí atá cúnamh dlíthiúil, agus rinne roinnt díobh an fháil ar chabhair a laghdú. Anuas air sin, shainnadh gníomhaithe sochaí shibhialta atá ag obair sa réimse roinnt dúshlán atá ann i réimse an chúnamh dhlíthiúil agus na hionadaíochta dlíthiúla.

Brúitear soláthar faisnéise agus cúnamh dlíthiúil araon chun cinn le léiriú éifeachtach, rud atá chomh tábhachtach céanna sa nós imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta. Trí léiriú éifeachtach a bheith ann, áirithítear go mbeidh

cumarsáid chuí ann idir an t-iarratasóir agus na húdaráis sna céimeanna go léir den phróiseas, lena n-áirítear céim na rochtana ar an nós imeachta tearmainn, céim an iarratais, céim an scrúdaithe, agus céim an achomhairc. Fuair tíortha AE+ iarratais ó náisiúnaigh de chuid 54 thír thionscnaimh dhifriúla sna iomlán sa bhliain 2017, i gcomparáid le 35 thír thionscnaimh sa bhliain 2016. Is fianaise é sin ar na dúshláin shíormhéadaitheacha a bhíonn ann maidir le seirbhísí ateangaireachta a áirithiú i líon méadaitheach teangacha difriúla. Chun aghaidh a thabhairt ar an méid sin, baineadh úsáid níos leithne as bearta teicniúla chun ateangaireacht a éascú sa phróiseas tearmainn.

Maidir le **scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéad chéim**, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as nósanna imeachta speisialta, amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta um chriosanna teorann agus nósanna imeachta tosaíochta, agus iad ag gníomhú ag an am céanna i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na bunráthaíochtaí a bheartaítear i reachtaíocht tearmainn na hEorpa. Tugtar le fios i sonraí EASO gur ar bhealach spriocdhírthe agus mar eisceacht, agus ní mar riail, a bhaintear úsáid as na nósanna imeachta sin. Rud tábhachtach, is airde i bhfad i dtíortha AE+ sciar na gcinntí lena ndíulthaítear don iarratas nuair a bhaintear úsáid as nósanna imeachta brostaithe nó as nósanna imeachta teorann ná é sin nuair a bhaintear úsáid as gnáthnósanna imeachta. Ba é 11% an ráta glactha do chinntí a eisíodh ach úsáid a bhaint as nósanna imeachta brostaithe agus ba é 8% an ráta glactha do chinntí a eisíodh ach úsáid a bhaint as nósanna imeachta teorann. Maidir le heagrú a nósanna imeachta féin, tharla sé ina lán cásanna go ndeachaigh tíortha AE+ i muinín nósanna imeachta meara agus nósanna imeachta tosaíochta do chatagóirí sonracha cásanna, rud a bhí ag teacht leis an ualach oibre a bhí ar an tír lena mbaineann. Bhí forbairtí ann freisin sna nósanna imeachta a seoladh sna criosanna teorann agus idirthurais. Chomh maith leis sin, chuaigh cuid mhór de thíortha AE+ i muinín coincheapa tíre sábháilte a úsáid, go háirithe tíortha tionscnaimh sábháilte, agus leasaigh roinnt tíortha a liosta náisiúnta de thíortha tionscnaimh sábháilte.

Maidir le glacadh, tugadh faoi deara gur tháinig laghdú, tríd is tríd, ar an mbrú ar an **gcóras tearmainn** sa chuid is mó de thíortha AE+ sa bhliain 2017. Dá dhroim sin, rinne roinnt údarás riaracháin a n-acmhainn glactha a laghdú trí chineálacha éagsúla saoráidí glactha a dhúnadh agus trí ionaid ghactha bhuna a chur go leanúnach in áit ionaid ghactha éigeandála nó shealadacha, faoi mar a bhí beartaithe acu roimhe sin. Tugadh eisceachtaí faoi deara ina leith sin, áfach, mar gur méadaíodh an acmhainn glactha i roinnt tíortha eile ionas go bhféadfaí déileáil le brú nó éileamh méadaitheach nach rabhtas ag freastal air go fóill. Glacadh forálacha dlíthiúla nua i roinnt Ballstát sa bhliain 2017, ar forálacha iad lena rialáiltear iompar, cearta agus dualgais iarrthóirí tearmainn agus iad sa chóras tearmainn agus ar fheithreamh a mbainte den chóras tearmainn araon. Ar aon dul leis sin, ceapadh caighdeáin faireacháin agus cuireadh cláir ghaolmhara chun feidhme ar mhaithe le coinníollacha glactha cuí a áirithiú. Maidir le coinníollacha glactha ábhartha (bia, éadaí, tithíocht agus liúntas airgeadais) agus saincheistanna amhail cúram sláinte, rochtain ar an

oideachas agus rochtain ar an margadh saothair, bhí éagsúlacht shuntasach ann i measc tíortha sonracha i ndáil leis na forbairtí a rinneadh, agus laghdú nó méadú ag teacht ar a dtairiscint ina leith sin. Maidir leis na hábhair inní a chuir eagraíochtaí sochaí sibhialta in iúl, bhain na cinn is coitianta díobh leis an easpa acmhainn glactha, droch-choinníollacha glactha agus/nó saincheisteanna a bhaineann le glacadh mionaoiseach gan tionlacan.

Cosúil le réimse an ghlacla, tugadh forbairtí éagsúla faoi deara i réimse na coinneála i dtíortha aonair freisin. Leasaigh roinnt de thíortha AE+ an creat dlíthiúil atá i bhfeidhm acu maidir leis na forais leis an gcoinneáil agus maidir lena cur chun feidhme sa chleachtas. Thug a lán tíortha roghanna malartacha nua ar an gcoinneáil isteach, nó bhí sé beartaithe acu na roghanna malartacha sin a thabhairt isteach, i gcomhthéacs na nósanna imeachta tearmainn agus na nósanna imeachta fillte araon. Chuir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus an tsochaí shibhialta i dtíortha éagsúla AE+ ábhair inní in iúl faoi fhad agus coinníollacha na coinneála agus faoi choinneáil grúpaí leochaileacha. I dtaca leis sin, le linn na bliana 2017, tháinig forálacha dlíthiúla nua i bhfeidhm i dtíortha éagsúla AE+ lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht nó cónaí daoine atá sa chóras tearmainn. Ba é an toradh foriomlán a bhí ar na forbairtí sin gur tháinig méid suntasach cásdlí náisiúnta chun cinn ar nithe a bhaineann leis an tsaorghluaiseacht agus leis an gcoinneáil a chur i bhfeidhm i gcéimeanna éagsúla den phróiseas tearmainn.

Eisíodh 996 685 chinneadh ag an gcéad chéim i dtíortha AE+ sa bhliain 2017. Ar leibhéal náisiúnta, agus faoi mar a tharla sa bhliain 2016, ba í an Ghearmáin an tír a d'eisigh an líon is mó cinní (524 185 cinn), agus í freagrach as 53% de na cinní uile i dtíortha AE+. I measc na dtíortha eile a d'eisigh líon mór cinní bhí an Fhrainc (a bhí freagrach as 11% den líon iomlán cinní i dtíortha AE+), an Iodáil (8%) agus an tSualainn agus an Ostair (6%).

I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2016, bhí laghdú ann sa líon cinní a eisíodh ag an gcéad chéim sa chuid is mó de thíortha AE+. Ba sa Ghearmáin (ina raibh laghdú 106 900 cinneadh) agus sa tSualainn (ina raibh laghdú 34 705 chinneadh) a bhí na laghduithe is suntasaí le brath. I dtéarmaí coibhneasta, ba san Fhionlainn agus san Iorua (inár tháinig laghdú 65% ar an líon cinní) a bhí na laghduithe is suntasaí a chonacthas i measc na dtíortha sin a d'eisigh níos mó ná 1 000 cinneadh ag an gcéad chéim sa bhliain 2017. I gcodarsnacht leis sin, agus i gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2016, tháinig méadú suntasach ar an líon cinní a eisíodh sa Fhrainc (méadú 24 000 cinneadh, beagnach), san Ostair (méadú 13 870 cinneadh) agus sa Ghréig, inár tháinig méadú 13 055 chinneadh ar an líon cinní a eisíodh. Maidir le cinní a eisíodh ag an gcéad chéim, ba ag an Eilvéis a bhí an ráta glactha is airde i measc na dtíortha sin a d'eisigh 1 000 cinneadh ar a laghad sa bhliain 2017. Ba chinntí dearfacha iad 90% de na cinní a d'eisigh an tír. Bhí rátaí glactha réasúnta ard le sonrú san Iorua (71%), i Málta (68%) agus i Lucsamburg (66%) freisin. I gcodarsnacht leis sin, ba ag Poblacht na Seice a bhí an ráta glactha is ísle, agus é cothrom le 12%. Ina dhiaidh sin, bhí an Pholainn (25%), an Fhrainc (29%) agus an Ungáir agus an

Ríocht Aontaithe (31%).

Na difríochtaí i rátaí glactha idir na tíortha, baineann siad le saoránacht na n-iarratasóirí ar chucu a eisítear cinntí. Mar shampla, bhí ráta glactha 29% ag an bhFrainc sa bhliain 2017 agus d'eisigh sí formhór na gcinntí uaithi chuig Albánaigh, ar náisiúntacht í a mbíonn ráta glactha an-íseal aici de ghnáth. I gcodarsnacht leis sin, d'eisigh an Eilvéis, agus ráta glactha foriomlán 90% aici, níos mó ná aon trian de na cinntí uaithi chuig Eiritreaigh, ar náisiúntacht í a ndéantar leibhéal an-ard cinntí dearfacha ina leith i dtíortha AE+.

Maidir leis na nósanna imeachta a shaothraítear ag an gcéad chéim, bhain formhór na bpríomhfhorbairtí i dtíortha AE+ leis na bearta a rinneadh chun barrfheabhas a chur ar an dóigh a bpróiseáiltear iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus leis na bearta a rinneadh chun agáí próiseála a laghdú.

Sa bhliain 2017, **ba é 35% an ráta glactha i dtíortha AE+ do chásanna a cinneadh ag an dara céim nó ina diaidh**. B'airde i bhfad an figiúr sin ná an ceann don bhliain 2016 (17%). I gcomparáid leis an ráta glactha do chásanna a chinntear ag an gcéad chéim, bítear ag súil go mbeidh an ráta glactha níos ísle i gcásanna achomhairc nó athbhreithnithe toisc gur tar éis cinneadh diúltach a eisiúint ag an gcéad chéim a scrúdaítear na cásanna sin. Go deimhin, bhí an ráta glactha do chinntí a eisíodh ag an dara céim nó ina diaidh 11 pointe chéatadánacha níos ísle ná dóibh sin a eisíodh ag an gcéad chéim le linn na bliana. Mar sin féin, bhí an difríocht sin i bhfad níos ísle ná an difríocht idir an dá fhiigiúr sa bhliain 2016, rud a thugann le fios go ndearnadh céatadán níos airde de chinntí céadchéime diúltacha a aisiompú ar achomharc sa bhliain 2017. I measc tíortha AE+ a d'eisigh 1 000 cinneadh ar a laghad ag an dara céim, ba chinntí dearfacha iad níos mó ná leath na gcinntí a eisíodh ag an dara céim nó ina diaidh san Fhionlainn (65%), san Ísiltír (58%), sa Ríocht Aontaithe (57%) agus san Ostair (56%).

Sa bhliain 2017, díriodh i dtíortha AE+ ar éifeachtúlacht institiúideach a mhéadú, ar nósanna imeachta a bhrostú sa dara céim d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an líon ard achomharc, agus ar rialacha nós imeachta a athbhreithniú (go háirithe i ndáil leis na teorainneacha ama le hachomharc a chur isteach a athbhreithniú). D'fhonn nósanna imeachta achomhairc a fheabhsú tuilleadh, chuir tíortha AE+ athruithe institiúideacha struchtúrtha chun feidhme freisin.

Sa bhliain 2017, tugadh faoi deara freisin go ndearna tíortha AE+ a gcuid nósanna imeachta maidir le cinntí ag an dara céim a dhílárú d'fhonn feabhas eile a chur ar an dóigh a bpróiseáiltear achomhairc. Cosúil leis an gcéad chéim, rinneadh bearta chun an riaráiste cásanna a bhí ar feitheamh a laghdú, chun nósanna imeachta a chuíchóiriú agus chun leas a bhaint as an teicneolaíocht chun tacú le cinnteoireacht éifeachtúil.

An soláthar faisnéise faoin tír thionscnaimh maidir le raon leathan tríú tíortha agus téamaí, tá sé ríthábhachtach go fóill chun teacht ar chinntí tearmainn atá eolach, cothrom agus dea-réasúnaithe agus chun beartais fhianaisebhunaithe a cheapadh. Cé go raibh laghdú ann ar leibhéal AE+ sa líon iarratas ar thearmann a cuireadh isteach sa bhliain 2017 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2016, b’amhlaidh gur tháinig méadú suntasach ar an líon iarratas a cuireadh isteach i roinnt de thíortha AE+. Ba le líon méadaithe náisiúntachtaí a bhain na hiarratais a cuireadh isteach freisin, rud a d’fhág go raibh gá ann go fóill le faisnéis ábhartha faoin tír thionscnaimh.

Maidir le táirgeadh faisnéise faoin tír thionscnaimh, tharla sé, i dteannta raon leathan foilseachán rialta ó Aonaid sheanbhunaithe Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh, a bhfuil cuid mhór díobh ar fáil tríd an Tairseach COI atá ar bun ag EASO, tharla sé gur thuairiscigh roinnt tíortha aschuir nua, nó na chéad aschuir uathu riamh, sa bhliain 2017. Tríd is tríd, chuir tíortha AE+ feabhas eile sa bhliain 2017 ar chaighdeán a dtáirgí faisnéise faoin tír thionscnaimh agus ar an dearbhú cáilíochta a dhéanann siad orthu. Chuaigh a lán Aonad náisiúnta Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh i mbun comhair lena macasamhail i dtíortha eile freisin, lena áiríodh faoi chuimsiú na Líonraí Faisnéise faoin Tír Thionscnaimh a réachtálann EASO.

Áirítear le acquis an Aontais Eorpaigh maidir le tearmann rialacha a bhaineann le sainaithe a dhéanamh ar sholáthar tacaíochta d’iarratasóirí a dteastaíonn ráthaíochtaí nós imeachta speisialta uathu (go háirithe mar thoradh ar chéasadh, ar éigniú nó ar aon chineál eile foréigin shíceolaíoch, fisiciúil nó ghnéasaigh). Ceann de na príomhghrúpaí ina leith sin is ea mionaoisigh gan tionlacan atá ar lorg cosaint gan a bheith faoi chúram ag aosach freagrach.

Rinne thart ar 32 715 mhionaoiseach gan tionlacan iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ sa bhliain 2017, rud a bhí cothrom le leathoiread an fhigiúir don bhliain 2016. Ba iad mionaoisigh gan tionlacan a rinne 4% de na hiarratais uile. Ba i gcúig cinn de thíortha AE+ a rinne níos mó ná trí cheathrú de na mionaoisigh gan tionlacan ar fad iarratas, ba iad sin: an Iodáil, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ríocht Aontaithe agus an tSualainn.

Bhí láithreach na mionaoiseach gan tionlacan taobh thiar de roinnt forbairtí i dtíortha AE+. Áiríodh leo sin go háirithe sainmhódúlachtaí glactha agus cúraim mhalartaigh a bhunú agus a fheabhsú, athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le caomhnóirí a cheapadh, agus socrúithe nós imeachta a thabhairt isteach a bhaineann le leas an linbh a mheas agus a áirithiú. Bhí sainsaoráidí agus sainseirbhísí glactha ar cheann de na príomhfhorbairtí maidir le grúpaí leochaileacha eile freisin agus, le linn na bliana, chruthaigh cuid mhór tíortha sainsaoráidí agus chuir siad sásraí i bhfeidhm le haghaidh sainaithe agus tarchur. Leag an tsochaí shibhialta béim ar an bhfíric gur gá leanúint de bheith ag obair ionas go mbeidh an tacaíocht a thugtar comhsheasmhach agus ag teacht leis na caighdeáin bhunaithe agus go n-áiritheofar léi go sainaitheofar leochaileacht go luath sa chleachtas.

Is féidir le daoine ar deonaíodh cineál cosanta idirnáisiúnta dóibh i dtír AE+ leas a bhaint as cearta agus tairbhí éagsúla a bhaineann leis an stádas sin. Na cearta sonracha a dheonaítear do thairbhíthe cosanta idirnáisiúnta, is gnách go leagtar síos iad i reachtaíocht agus beartais náisiúnta. Is minic a dhéantar amhlaidh mar chuid de phleananna imeasctha mórscála a bhaineann le catagóirí difriúla náisiúnach trídís tír agus is minic a leabaítear iad i mbeartais imirce náisiúnta i gcás gurb ann dóibh sin. Rinne a lán tíortha pleananna agus straitéisí imeasctha a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta. Leasaigh cinn eile ionstraimí a bhí ann cheana agus, ina lán cásanna, thug siad cúrsaí imeasctha agus sásraí imeasctha sa mhargadh saothair isteach. Cé go méadaíonn sé sin an dóchúlacht go mbeidh tairbhíthe cosanta in ann iad féin a chothú, tharla sé i gcásanna áirithe freisin gur laghdaíodh an rochtain atá acu ar líúntais airgeadais.

Leagadh an-tábhacht i dtíortha AE+ ar bheartais agus bearta fillte le linn na bliana 2017. Cé go mbaineann siad sin le réimse na himirce i gcoitinne, rinne tíortha éagsúla forálacha dlíthiúla nua a ghlacadh ar mhaithe le nósanna imeachta fillte a éascú mar thoradh ar an líon méadaitheach iarratasóirí ar diúltaíodh dá n-iarratas agus ar an líon méadaitheach fillithe ionchasacha. Ní hé amháin gur tugadh an ghnáth-thacaíocht trí Fhilleadh Deonach Cuidithe, rud ar cuireadh borradh faoi le linn na bliana, ach thug na bearta a glacadh aghaidh ar an dóigh a bhforfheidhmítear cinntí ar an bhfilleadh agus rialáil siad an tréimhse roimh imeacht don iarratasóir, i measc nithe eile, freisin.

Chuir an chuid is mó de tíortha AE+ tionscnaimh Fillte Dheonaigh Chuidithe chun cinn le linn na bliana 2017, agus an méid sin á dhéanamh acu ar na bealaí seo a leanas: tacaíocht airgeadais a thabhairt; feachtais faisnéise a reáchtáil; páirt dhíreach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fillte; agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe eile, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus eagraíochtaí sochaí sibhialta.

the 1990s, the number of people in the world who are undernourished has increased from 600 million to 800 million (FAO 2001).

There are a number of reasons for this increase. One of the main reasons is the increase in the world population. The world population is expected to reach 8 billion by the year 2025 (FAO 2001). This increase in population is putting a strain on the world's food resources.

Another reason for the increase in undernourishment is the increase in the number of people who are living in poverty. The number of people living on less than \$1 per day has increased from 1.2 billion in 1990 to 1.6 billion in 2001 (FAO 2001). This increase in poverty is leading to a decrease in the amount of food that people can afford to buy.

A third reason for the increase in undernourishment is the increase in the number of people who are living in rural areas. The number of people living in rural areas has increased from 3.5 billion in 1990 to 4.5 billion in 2001 (FAO 2001). This increase in rural population is leading to a decrease in the amount of food that is available in rural areas.

There are a number of ways in which the world can reduce the number of people who are undernourished. One way is to increase the amount of food that is produced. This can be done by increasing the amount of land that is used for agriculture and by increasing the amount of food that is produced per unit of land.

Another way to reduce the number of people who are undernourished is to increase the amount of food that is available in rural areas. This can be done by increasing the amount of food that is produced in rural areas and by increasing the amount of food that is transported to rural areas.

A third way to reduce the number of people who are undernourished is to increase the amount of food that people can afford to buy. This can be done by increasing the amount of food that is produced and by increasing the amount of food that is transported to rural areas.

There are a number of ways in which the world can reduce the number of people who are undernourished. One way is to increase the amount of food that is produced. This can be done by increasing the amount of land that is used for agriculture and by increasing the amount of food that is produced per unit of land.

Another way to reduce the number of people who are undernourished is to increase the amount of food that is available in rural areas. This can be done by increasing the amount of food that is produced in rural areas and by increasing the amount of food that is transported to rural areas.

A third way to reduce the number of people who are undernourished is to increase the amount of food that people can afford to buy. This can be done by increasing the amount of food that is produced and by increasing the amount of food that is transported to rural areas.